



An Bhruiséil, 3 Márta 2026  
(OR. en)

6964/26

UD 50  
CORDROGUE 31  
DELECT 42

## NÓTA CLÚDAIGH

---

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	9 Feabhra 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2026) 689 final
Ábhar:	RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an 9.2.2026 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le réamhtheachtaithe áirithe cáitíonóin shintéisigh agus amfataimín a chur ar liosta na substaintí sceidealaithe

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 689 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 689 final



An Bhruiséil, 9.2.2026  
C(2026) 689 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 9.2.2026**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le réamhtheachtaithe áirithe cáitíonóin shintéisigh agus amfataimín a chur ar liosta na substaintí sceidealaithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é is réamhtheachtaí druga ann ceimiceán is féidir a úsáid chun drugaí támhshuanacha nó substaintí síceatrópacha a mhonarú go haindleathach. Leagtar síos le Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>1</sup> bearta chun faireachán a dhéanamh ar an trádáil i réamhtheachtaithe drugaí laistigh den Aontas Eorpach, agus rialaítear le Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 ón gComhairle<sup>2</sup> an trádáil i réamhtheachtaithe drugaí idir an tAontas agus tríú tíortha. Is féidir réamhtheachtaithe drugaí a bheith ina substaintí sceidealaithe (a liostaítear sna hIarscríbhinní a ghabhann leis na Rialacháin) nó ina substaintí neamhsceidealaithe. Leis an dá Rialachán, cuirtear chun feidhme go comhphárteach na bearta dá bhforáiltear le hAirteagal 12 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí Támhshuanacha agus Substaintí Síceatrópacha an 19 Nollaig 1988<sup>3</sup> ('Coinbhinsiún NA 1988').

Arna iarraidh sin do Bhallstát, thug an Coimisiún sainordú do Ghníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh (EUDA) measúnú a dhéanamh ar úsáidí dleathacha agus aindleathacha na naoi substaint neamhsceidealaithe seo a leanas: 3'-clórapróipiaifeanón, 2-bróma-3'-clórapróipiaifeanón, 3'-meitiolpróipiaifeanón, 2-bróma-3'-meitiolpróipiaifeanón, 4'-meitiolpróipiaifeanón, 2-bróma-4'-meitiolpróipiaifeanón, 4'-clórapróipiaifeanón, 2-bróma-4'-clórapróipiaifeanón agus feinil-2-nítreapróipéin.

Dheimhnigh EUDA go bhféadfar na réamhtheachtaithe sin go léir a úsáid i dtáirgeadh aindleathach drugaí cáitionóin shintéisigh agus amfataimín, trí mhodhanna simplí agus inscálaithe, agus nach bhfuil ach trealamh bunúsach agus inniúlacht theicniúil íosta ag teastáil chun é sin a dhéanamh. Tháinig méadú ar urghabhálacha na réamhtheachtaithe sin le blianta beaga anuas san Aontas agus tá fianaise ann go n-úsáidtear iad i dtáirgeadh drugaí aindleathacha. Mar sin féin, tá úsáidí dlisteanacha ag roinnt de na réamhtheachtaithe sin freisin i dtáirgeadh cógas a mhargaítear san Aontas. Úsáidtear 3'-clórapróipiaifeanón chun búpróipiún a tháirgeadh, ar cógas é atá beartaithe chun an dúlagar a chóireáil agus mar chúnaimh chun éirí as caitheamh tobac. Is substaint idirmheánach é 2-bróma-3'-clórapróipiaifeanón i monarú búpróipiún. Úsáidtear 4'-meitiolpróipiaifeanón chun toilpeireasón a tháirgeadh, ar ligeán matánach é atá údaraithe le freangaí matáin agus spasmacht de dheasca riochtaí éagsúla a chóireáil. Féadfar feinil-2-nítreapróipéin a úsáid chun cógais atá bunaithe ar amfataimín a tháirgeadh. Ina theannta sin, úsáidtear na réamhtheachtaithe sin go léir mar chaighdeán tagartha i saotharlanna anailíseacha.

Ós rud é gur féidir na naoi substaint a úsáid go héasca chun drugaí aindleathacha a tháirgeadh, ba cheart don Choimisiún Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 a leasú agus iad a chur le Catagóir 1, toisc go mbaineann an riosca is mó leo nuair a dhéantar iad a atreorú chuig an táirgeadh aindleathach. Mar thoradh air sin, beidh trádáil agus úsáid na substaintí faoi réir na mbearta rialaithe agus faireacháin is déine: ní mór d'oibreoirí agus d'úsáideoirí ceadúnas a bheith acu, tá allmhairiú agus onnmhairiú faoi réir údarú agus ní mór na substaintí a stóráil in áitreabh daingnithe. Cé go mbeidh costais

<sup>1</sup> Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 maidir le réamhtheachtaithe drugaí, IO L 47, 18.2.2004, lch. 1.

<sup>2</sup> Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 ón gComhairle an 22 Nollaig 2004 lena leagtar síos rialacha maidir le faireachán a dhéanamh ar an trádáil i réamhtheachtaithe drugaí idir an tAontas agus tríú tíortha, IO L 22, 26.1.2005, lch. 1.

<sup>3</sup> IO L 326, 24.11.1990, lch. 56.

chomhlíontachta mar thoradh ar bhearta den sórt sin, go háirithe do tháirgeoirí cógas a úsáideann na réamhtheachtaithe agus dá soláthróirí, tá údar leis na costais sin mar gheall ar an ngá atá le hatreorú na substaintí sin chuig táirgeadh aindleathach drugaí a sheachaint.

## **2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH**

I gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016<sup>4</sup>, rinneadh comhairliúcháin iomchuí thrédhearcacha, lena n-áirítear comhairliúcháin ar leibhéal na saineolaithe, agus an gníomh tarmligthe seo á ullmhú. Phléigh an Grúpa Saineolaithe maidir le Réamhtheachtaithe Drugaí an togra go mion le linn an chruinnithe a bhí aige an 2-3 Aibreán 2025 agus bhí comhairliúchán deiridh i scríbhinn ann i mí na Nollag 2025. Tríd síos, thacaigh na Ballstáit le sceidealú na naoi substaint.

Foilsíodh an dréacht le haghaidh aiseolais ar an tairseach ‘Cloisimís uait’. Cuireadh dhá aighneacht isteach: thacaigh micrifhiontar amháin leis an tionscnamh, agus chuir saoránach amháin ina choinne ós rud é nár cheart cinntí den sórt sin a dhéanamh ach ar an leibhéal náisiúnta. Mar sin féin, tá na rialacha maidir le réamhtheachtaithe drugaí a rialú agus faireachán a dhéanamh orthu comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais ó bhí 1990 ann agus tugann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena ndéantar liosta na substaintí rialaithe a thabhairt cothrom le dáta.

Cuireadh fógra isteach faoin dréacht ar bhonn Airteagal 2(9)(2) den Chomhaontú maidir le Bacainní Teicniúla ar an Trádáil agus ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis.

## **3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE**

Ar bhonn Airteagal 15 de Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 agus Airteagal 30a de Rialachán (CE) Uimh. 111/2005, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na hIarscríbhinní a oiriúnú do threochtaí nua maidir le hatreorú na réamhtheachtaithe drugaí.

Tá dlúthcheangal idir Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 111/2005. Leis an dá Rialachán, cuirtear chun feidhme go comhpháirteach na bearta dá bhforáiltear le hAirteagal 12 de Choinbhinsiún NA 1988. Dá bhrí sin, tá údar ann dhá chumhachtú atá bunaithe ar bhunghníomhartha reachtacha éagsúla a chomhcheangal ina ngníomh tarmligthe aonair de thairbhe an dlúthcheangail ábhartha idir an dá chumhachtú lena mbaineann.

---

<sup>4</sup> IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 9.2.2026

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le réamhtheachtaithe áirithe cáitíonóin shintéisigh agus amfataimín a chur ar liosta na substaintí sceidealaithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 maidir le réamhtheachtaí drugaí<sup>1</sup>, agus go háirithe Airteagal 15 de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 ón gComhairle an 22 Nollaig 2004 lena leagtar síos rialacha maidir le faireachán a dhéanamh ar an trádáil i réamhtheachtaithe drugaí idir an tAontas agus tríú tíortha<sup>2</sup>, agus go háirithe Airteagal 30a de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Leagtar síos le Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 bearta chun faireachán a dhéanamh ar an trádáil i réamhtheachtaithe drugaí laistigh den Aontas, agus rialaítear le Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 an trádáil i réamhtheachtaithe drugaí idir an tAontas agus tríú tíortha. Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 agus an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 111/2005, i ngach ceann de na hIarscríbhinní sin tá liosta de shubstaintí sceidealaithe, substaintí atá faoi réir roinnt bearta comhchuibhithe rialaithe agus faireacháin dá bhforáiltear leis na Rialacháin sin.
- (2) Léirigh na húdaráis inniúla náisiúnta gur tháinig méadú ar urghabhálacha na naoi substaint neamhsceidealaithe seo a leanas: (i) 3'-clórapróipiaifeanón; (ii) 2-bróma-3'-clórapróipiaifeanón; (iii) 3'-meitiolpróipiaifeanón; (iv) 2-bróma-3'-meitiolpróipiaifeanón; (v) 4'-meitiolpróipiaifeanón; (vi) 2-bróma-4'-meitiolpróipiaifeanón; (vii) 4'-clórapróipiaifeanón; (viii) 2-bróma-4'-clórapróipiaifeanón, agus (ix) feinil-2-nítreapróipéin.
- (3) Is réamhtheachtaithe 3-clóraimeatcáitíonóin nó clóifeanóin (3-CMC) iad 3'-clórapróipiaifeanón agus 2-bróma-3'-clórapróipiaifeanón. Is réamhtheachtaithe 3-meitilmeatcáitíonóin (3-MMC) iad 3'-meitiolpróipifeanón agus 2-bróma-3'-meitiolpróipifeanón. Is réamhtheachtaithe meifeadróin (4-meitiolmeatcáitíonón nó 4-MMC) iad 4'-meitiolpróipifeanón agus 2-bróma-4'-meitiolpróipifeanón. Is réamhtheachtaithe 4-CMC (cleifeadrón nó 4-clórameiteacáitíonón) iad 4'-clórapróipiaifeanón agus 2-bróma-4'-clórapróipiaifeanón. Is réamhtheachtaí amfataimín é feinil-2-nítreapróipéin.

<sup>1</sup> IO L 47, 18.2.2004, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2004/273/oj>.

<sup>2</sup> IO L 22, 26.1.2005, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2005/111/oj>.

- (4) Is drugaí sintéiseacha spreagthacha cáitionóin iad 3-CMC, 3-MMC, 4-CMC agus 4-MMC atá faoi rialú idirnáisiúnta agus Eorpach. Is druga rialaithe é amfataimín freisin. D'fhéadfadh rioscaí tromchúiseacha don tsláinte phoiblí agus rioscaí tromchúiseacha sóisialta a bheith ag baint leis na drugaí sin ar leibhéal an Aontais.
- (5) Thug an Coimisiún sainordú do Ghníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh (EUDA) measúnú a dhéanamh ar na naoi substaint agus faisnéis a sholáthar maidir le húsáidí dleathacha agus aindleathacha araon<sup>3</sup>. De réir EUDA, féadfar na naoi substaint a úsáid i dtáirgeadh aindleathach drugaí trí mhodhanna simplí inscálaithe, agus níl ach trealamh bunúsach agus inniúlacht theicniúil íosta ag teastáil chun é sin a dhéanamh. Tháinig méadú ar urghabháil na réamhtheachtaithe sin san Aontas le blianta beaga anuas. Úsáidtear cuid acu i dtáirgeadh cógas a mhargaítear san Aontas: Úsáidtear 3'-clóraprópaifeanón chun búpróipiún a tháirgeadh, ar cógas é atá beartaithe chun an dúlagar a chóireáil agus mar chúnamh chun éirí as caitheamh tobac. Is substaint idirmheánach é 2-bróma-3'-clóraprópaifeanón i monarú búpróipiún. Úsáidtear 4'-meitiolpróipiaifeanón chun toilpeireasón a tháirgeadh, ar ligeán matánach é atá údaraithe le freangaí matáin agus spasmacht de dheasca riochtaí éagsúla a chóireáil. Féadfar feinil-2-nítreapróipéin a úsáid chun cógais atá bunaithe ar amfataimín a tháirgeadh. Ina theannta sin, deimhníonn EUDA go bhfuil úsáidí dlisteanacha ag na naoi substaint uile lena mbaineann mar chaighdeáin tagartha i saotharlanna anailíseacha.
- (6) Ós rud é gur féidir na naoi substaint a úsáid go héasca chun drugaí aindleathacha a tháirgeadh agus go bhfuil fianaise ann go bhfuil sé sin ag tarlú san Aontas, ba cheart Rialacháin (CE) Uimh. 273/2004 agus (CE) Uimh. 111/2005 a leasú dá réir sin chun na naoi substaint sin a chur ar liosta na substaintí sceidealaithe de Chatagóir 1, toisc gur mó an riosca a bhaineann leo nuair a dhéantar iad a atreorú chuig an táirgeadh aindleathach. Chun atreorú thrádáil agus úsáid na substaintí ó chainéil dhleathacha a sheachaint, ba cheart iad a bheith faoi réir na mbeart rialaithe agus faireacháin is déine.
- (7) Thairis sin, thacódh sceidealú na naoi substaint leis na húdaráis náisiúnta sa chomhrac i gcoinne táirgeadh aindleathach drugaí ós rud é, ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, go measfar gur 'réamhtheachtaithe' iad na substaintí sin de réir bhrí Airteagal 1, pointe 2, de Chinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle<sup>4</sup>, chun eilimintí íosta na gcoireanna a bhaineann le gáinneáil ar réamhtheachtaithe a shainiú.
- (8) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin (CE) Uimh. 273/2004 agus (CE) Uimh. 111/2005 a leasú dá réir sin.
- (9) Le Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 111/2005, cuirtear chun feidhme go comhpháirteach na forálacha sin de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí Támhshuanacha agus Substaintí Síceatrópacha a bhaineann le réamhtheachtaithe drugaí, a glacadh i Vín an 19 Nollaig 1988 agus a formheasadh thar ceann an Aontais le Cinneadh 90/611/CEE ón gComhairle<sup>5</sup>. I bhfianaise an dlúthcheangail shubstaintigh idir na cumhachtuithe atá sa

<sup>3</sup> [Leathanach baile EUDA | www.euda.europa.eu](http://www.euda.europa.eu)

<sup>4</sup> Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2004 lena leagtar síos forálacha íosta maidir leis na heilimintí a bhfuil gníomhartha coiriúla comhdhéanta díobh agus maidir le pionóis i réimse na gáinneála aindleathaí ar dhruagaí (IO L 335, 11.11.2004, lch. 8, ELI: [http://data.europa.eu/eli/dec\\_framw/2004/757/oj](http://data.europa.eu/eli/dec_framw/2004/757/oj)).

<sup>5</sup> Cinneadh 90/611/CEE ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 1990 maidir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí Támhshuanacha agus Substaintí Síceatrópacha a

dá Rialachán sin, is iomchuí na leasuithe a ghlacadh trí bhíthin aon ghnímh tharmligthe amháin.

- (10) Mar sin féin, sainaithníodh úsáidí dlisteanacha i dtáirgeadh cógas i gcás roinnt de na substaintí lena mbaineann, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh ar roinnt saotharlanna tráchtála na substaintí eile a úsáid mar chaighdeáin tagartha. Dá bhrí sin, tá trádáil dhlísteanaigh ann i gcás na naoi substaint.
- (11) Dá bhrí sin, ba cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar chun a ndóthain ama a thabhairt d'oibreoírí eacnamaíoch na nósanna imeachta dá bhforáiltear i Rialacháin (CE) Uimh. 273/2004 agus (CE) Uimh. 111/2005 a chomhlíonadh, go háirithe chun údaruithe allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin agus na ceadúnais iomchuí a fháil,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 273/2004**

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

**Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 111/2005**

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón ... [*Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta = 4 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9.2.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

*Ursula VON DER LEYEN*

---

thabhairt i gcóir thar ceann Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO L 326, 24.11.1990, lch. 56, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/1990/611/oj>).